

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráitis Airgeadais Don Bhliain dar Críoch an 31ú Nollaig 2021

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Innéacs do na Ráitis Airgeadais Don Bhliain dar Críochan 31ú Nollaig 2021

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4-9
Tuairisc Iniúcháireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	10-11
Ráiteas Oibriúcháin	12
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus ar Dhliteanais Reatha	13
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	14-32

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ní mór, faoi chuid 51 den Acht, go gcoimeádfaidh an BOO i cibé leagan agus i leith cibé tréimhsí cuntasáochta a cheadóidh an tAire Oideachais, le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnáth ar an airgead a fuair an BOO nó a chaith sé.

Agus na cuntais sin á ullmhú acu, ní mór don Bhord:


- (a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- (b) breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama
- (c) eisceachtaí ábhartha ó pholasaithe chaighdeánacha cuntasaíochta a thabhairt le fios

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád a thugann le fios, le cruinneas réasúnta ag aon am, stad airgeadais an Bhoird agus a dheimhníonn go bhfuil na Ráitis Airgeadais cruinn de réir Ailt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as cosaint a gcuid sócmhainní agus as céimeanna réasúnta a thógáil le calaois agus neamhrialtachtaí eile a aimsiú agus a stopadh.

Síniú an Chathaoirligh:


Clr Damien O'Reilly

Dáta:



Bord Oideachais & Oiliúna Lú agus na Mí Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh 2021

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) ar 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Ar an dáta sin, ghlac BOOLM le feidhmeanna iar-Choistí Gairmoideachais Chontae Lú agus Chontae na Mí. Le héifeacht ón 1 Iúil 2014, ghlac BOOLM, ó SOLAS, sócmhainní, dliteanais agus bainistíocht ghníomhaíochtaí Ionad Oiliúna Dhún Dealgan.

Tá an Cód Rialachais do BOOLM leagtha amach in Imlitir 002/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais chuig gach Bord Oideachais agus Oiliúna i mí Eanáir 2019. Ghlac Bord BOOLM leis an gcód seo ag cruinniú ar 31 Eanáir 2019.

Bunaíodh bord nua do Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar 10 Deireadh Fómhair 2019 agus chríochnaigh an bord ceapadh na gCoistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca nua ar an dáta céanna.

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánach

Mar Chathaoirleach ar BOOLM, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach, éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Déantar cur síos ar na céimeanna atá glactha ag an mBord lena áirithiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm anseo thíos:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainiú go soiléir
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhartha ceartaitheacha cuí a chinntiú;
- Córas bainistíochta riosca foirmiúil a bhunú chun gach riosca a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOOLM a chuid cuspóirí a bhaint amach

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a oibrítear in BOOLM bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Leithscaradh dualgas;
- Údaruithe sonracha;
- Seiceálacha inmheánacha; agus,
- Athbhreithniú a dhéanann an lucht bainistíochta go míosúil ar thuarascálacha ina gcuirtear cur síos ar thorthaí iarbhire agus ar thorthaí buiséadaithe na glár atá á bhfeidhmiú ag BOOLM.

Creat Maoirseachta an Bhoird

Is é atá mar bhonn eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ná:

- An Príomhfheidhmeannach, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh.
- Moltaí ón Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, i litreacha bainistíochta nó tuarascálacha eile;
- Obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus an Choiste Airgeadais;

An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) a tháinig le chéile ceithre huaire in 2021. Cuimsíodh i gclár oibre an CIR na nithe seo a leanas:

- Tuarascálacha iniúchta inmheánaigh
- Tuarascálacha iniúchta seachtraí agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C)
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- Creat Bainistíochta Riosca
- An Clár Rioscaí
- Clár Iniúchóireachta
- Tuarascáil Iniúchóireachta Comhlíonta
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ón Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (STFE)/Príomhoifigeach Riosca
- Tuairisc tuairime don Bhord maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánaigh

Tugadh cuireadh don phríomhfheidhmeannach freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus roinn sé tuarascálacha agus an t-eolas is déanaí maidir le cur i bhfeidhm na rialuithe á meas agus le bainistíocht riosca le linn 2021, mar a sonraítear sna tuarascálacha ón gCoiste chuig an mBord.

Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh don tréimhse tuairiscithe ábhartha ar an 24 Márta 2022.

An Coiste Airgeadais

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe chomh maith ar obair an Choiste Airgeadais a tháinig le chéile sé huaire le linn 2021: ar an 19 Feabhra, 30 Márta, 24 Meitheamh, 8 Iúil, 13 Deireadh Fómhair agus 15 Samhain. Cuimsítear i gclár oibre an Choiste Airgeadais na nithe seo a leanas:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2021
- Moladh don Bhord maidir le Ráitis Airgeadais 2021
- Cuntais Mhíosúla Ioncaim agus Chaiteachais
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ón STFE/Príomhoifigeach Riosca
- Moladh don Bhord an Plean Seirbhíse
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir FSE agus an Ceann Airgeadais don Choiste Airgeadais in 2021.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2021 ar an 29 Márta 2022 agus mhol an Coiste don Bhord glacadh leo.

Iniúchadh Inmheánach

Soláthraíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh - Boird Oideachais agus Oiliúna feidhm Iniúchta Inmheánaigh, a thugann tuairim iomlán ar na réimsí a ndéantar iniúchadh orthu.

Tá an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na torthaí a aithníodh le linn an iniúchta agus is iad seo a leanas raon na dtuairimí féideartha:

- Cuimsitheach - tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus oibríonn sé go héifeachtach

- Dóthanach - tá an córas rialaithe inmheánaigh dóthanach i gcoitinne agus oibríonn sé go héifeachtach
- Easnamhach - tá an córas rialaithe inmheánaigh easnamhach agus ní oibríonn sé go héifeachtach

Rinneadh an t-iniúchadh inmheánach seo sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2021 - 31 Nollaig 2021;

Rinneadh an obair pháirce don **Tuarascáil Iniúcháireachta Inmheánaigh maidir le Soláthar** go cianda le linn Bhealtaine, Mheitheamh agus Dheireadh Fómhair 2020 agus ar an láthair i BOOLM le linn Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2020. Cuireadh dáta leis ar an 7 Nollaig 2021. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúcháireachta agus Riosca ar an 17 Nollaig 2021. Tá an t-eolas sa tuarascáil bunaithe ar eolas agus ar rialuithe a bhí i bhfeidhm le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019. Roghnaíodh líon daoine samplacha bunaithe ar idirbhearta neamh-phá 2019 a sholáthraigh BOOLM agus roghnaíodh sampla ón líon daoine sin ar a ndearnadh an tástáil. Ba é toradh foriomlán na tuarascála ná go bhfuil córas cuimsitheach rialuithe i bhfeidhm ag BOOLM maidir le comhlíonadh soláthar. Tugadh 12 mholadh san iomlán – 1 ardmholadh, 2 mholadh meánach agus 9 mholadh íseal. Tá 9 gcinn curtha i bhfeidhm agus 3 cinn a bhfuil cuid díobh curtha i bhfeidhm.

Rinneadh **Tuarascáil Iniúcháireachta Inmheánaigh maidir le Comhlíonadh Beartais** BOO Lú agus na Mí i mí na Samhna 2020 agus mí Aibreáin 2021. Cuireadh dáta leis ar an 10 Eanáir 2022. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúcháireachta agus Riosca ar an 12 Eanáir 2022. Tá an t-eolas sa tuarascáil inmheánach bunaithe ar eolas agus ar rialuithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2019 agus an 31 Iúil 2020. Ba é toradh foriomlán na tuarascála ná go bhfuil córas cuimsitheach rialuithe i bhfeidhm ag BOOLM maidir le comhlíonadh beartais. Tugadh 5 mholadh san iomlán – 3 mholadh meánach agus 2 mholadh íseal. tá cuid de 5 mholadh á gcur i bhfeidhm cheana féin.

Calaois

Níor tuairiscíodh aon teagmhas faoi Bheartas Calaoise BOOLM in 2021.

Nochtuithe cosanta

Ní bhfuair BOOLM aon nochtadh cosanta i 2021 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Soláthar

Thug BOOLM le fios gur tháinig laghdú arís ar chásanna neamhchomhlíonta treoirlínte soláthair i 2021. Mar sin féin, soláthraíodh seirbhísí fóin líne thalún ar luach thart ar €0.14m in 2021 nach raibh go hiomlán ag teacht leis na teoracha náisiúnta soláthar. Tá an figiúir seo bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar os cionn tríocha scoil agus ionad agus léiríonn sé 0.09% de chaiteachais iomlán na bliana sin.

Bainistíocht Riosca

Tá Clár Bainistíochta Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOOLM ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár Riosca ag gach cruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2021 agus leanann an Coiste ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt Chlár Bainistíochta Riosca Straitéisí an BOOLM. D'fhorhmeas Bord an BOOLM Ráiteas Inghlacthachta Riosca ar 25 Feabhra 2021.

Saincheisteanna ag dul chun cinn ag leibhéal earnála

Sárúithe ar rialú inmheánach an chórais - Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

Cuireann Imlitir 11/2014 oibleagáid ar ionaid BOO ráitis sochar agus ríomhanna a sholáthar do bhaill Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOOLM a dhualgais maidir le ráitis bhliantúla pinsin a sholáthar do gach ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair in 2021. Mar sin féin, tá ráitis á dtabhairt do bhaill de réir mar a lorgaíonn siad iad go haonarach agus tá tús áite á thabhairt do bhaill foirne a bheidh ag imeacht ar scor go luath. Is saincheist í seo ar fud na hearnála BOO agus tá Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) ag an Roinn Oideachais á plé ar an leibhéal náisiúnta i gcomhpháirt le BOOÉ agus aonaid BOO aonair. Mar gheall ar fhadhbanna atá ag an Access Group maidir le hacmhainní a chur ar fáil (lena mbaineann COVID-19 agus easpa foirne) níor cuireadh obair ar an gcóras CoreHR i gcrích in am. Bhí an obair seo ceaptha ionaid BOO a thabhairt suas go dáta maidir le ranníocaíochtaí aoisliúntais. Mar sin féin, rinneadh cuid mhaith oibre agus tá cumarsáid ag dul ar aghaidh idir an Access Group agus SGCO fós agus tá tástáil á déanamh faoi láthair ar na feidhmiúlachtaí nua a chuirfidh an Access Group ar fáil. Tá sé seo mar chuid den Chlár do Fheabhsuithe Pinsean, atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais, agus cuireadh foireann ag obair san SGCO atá tiomanta go hiomlán chun cúrsaí pinsin agus cúrsaí ranníocaíochta aoisliúntais a réiteach. Is cuid lárnach de scóip an Chláir do Fheabhsuithe Pinsean é go dtabharfar ráitis sochair chruinne do bhaill na Scéime Pinsin SIA.

Seirbhísí Comhroinnte Párolla

Tá an tSeirbhís Oideachais Gnó Comhroinnte (SOGC) bunaithe chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar san earnáil Oideachais. Aistríodh párolla BOOLM don fhoireann ar fad i mí Aibreáin 2020. Tá an SOGC freagrach as próiseáil an phárolla agus tá BOOLM fós freagrach as treoracha a eisiúint do sheirbhísí comhroinnte maidir leis na hathruithe ar phárolla agus ar fheidhm AD. Dúirt an Príomhfheidhmeannach gur chomhlíon sé a chuid dualgas maidir le na riachtanais a bhaineann leis an Meabhrán Tuisceana, an Comhaontú um Bhainistíocht Seirbhísí agus an Comhaontú um Phróiseáil Sonraí araon, atá sínithe agus i bhfeidhm idir BOOLM agus an Roinn Oideachais - ionad na Seirbhíse Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO). Feidhmíonn na doiciméid seo mar chreat chun Seirbhísí Comhroinnte Párolla SGCO-BOO a sholáthar ar son earnáil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO). Cuireann an Príomhfheidhmeannach muinín i litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna, go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus na seirbhísí párolla á sholáthar ag SGCO do BOOLM.

Chuir Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais litir Dhearbhaithe ar fáil don BOOLM dar dáta 18 Feabhra 2022 maidir le socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta do Sheirbhísí Comhroinnte Párolla SOGC-BOO (SOGC). D'éascaigh SOGC aistriú fócaíochtaí le printísigh ó sheanchóras oidhreacht a bhí á riar ag SOLAS agus a bhí ag deireadh a ré, gan aon mhaoluithe éifeachtacha a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar gheall ar aois an chórais agus leibhéal na tacaíochta leanúnaí atá ar fáil. Comhlíonann an córas nua freisin riachtanais uile na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le printísigh.

Tá an t-aistriú den ghrúpa deireanach foghlaimeoirí (Ógtheagmháil agus SDOG) chuig an gcóras seo curtha i gcrích anois.

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Tá an tSeirbhís Oideachais Gnó Comhroinnte (SOGC) bunaithe chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar san earnáil Oideachais. Ar an 1 Iúil 2021, d'aistrigh BOOLM cuid dá phróiseas cuntasáochta chuig córas nua bainistíochta airgeadais atá á úsáid ag BOOLM eile cheana féin. Thug SOGC tacaíocht do BOOLM chun aistriú gan stró a chinntiú.

Sárúithe ar an gcóras rialaithe inmheánach - Gearríoacaíocht CBL

Rinneadh nochtadh cáilitheach neamhspreagtha (NCN) leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 maidir le gearríoacaíocht CBL a tharla toisc nár caitheadh i gceart le ceannacháin a tháinig isteach ó thír eile. Níor ríomhadh CBL agus níor íocadh na Coimisinéirí Ioncaim nuair a ceannaíodh na hearraí. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis an NCN agus íocadh an socraíocht iomlán €398,047 idir an 1 Eanáir 2019 agus an 31 Nollaig 2020. Sheol na Coimisinéirí Ioncaim litir chuig BOOLM ar an 6 Deireadh Fómhair 2021 le cur in iúl dóibh go raibh an cás socraithe.

Paindéim COVID-19

Bhí an teagasc agus an fhoghlaim ar siúl go cianda go dtí deireadh na bliana acadúla 19/20 agus ar feadh tréimhse ó thús na bliana 2021. Tá rochtain chianda ag baill foirne riaracháin ar líonra BOOLM agus úsáideann Microsoft Teams chun comhoibriú agus cruinnithe a reáchtáil. Tá obair shuntasach déanta chun an baol a bhaineann le ráig Covid 19 maidir le hathoscailt scoileanna agus ionaid a mhaolú. Comhlíonann BOOLM comhairle agus prótacail an rialtais.

Tá BOOLM ag tabhairt oibreacha chun críche chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais spáis agus aerála i gcúrsaí riaracháin i ndomhan iar-phaindéimeach. Tá oibreacha ar siúl maidir le comharthaíocht, athruithe ar cheaintín, méadú ar líon na seomraí in úsáid agus fadhbanna a réiteach. Eisíodh suirbhé don fhoireann riaracháin an 1 Deireadh Fómhair 2021 chun tuairimí na foirne a fháil maidir le cianobair. Beidh BOOLM aireach ar an reachtaíocht, ar an mbeartas náisiúnta agus ar an gcioclán agus ar ár gcúinsí ar leith féin agus aon chinneadh á dhéanamh maidir le cianobair i ndomhan iar-phaindéimeach.

Faoi na rialacháin sláinte poiblí reatha, ceadaíodh filleadh ar thinreamh fisiceach ar ionaid oibre ó Dé Luain 24 Eanáir 2021. Iarradh ar an bhfoireann riaracháin filleadh ar an ionad oibre Dé Luain 21 Feabhra 2022 de réir fhógra an Rialtais le déanaí. Cuireadh in iúl don fhoireann riaracháin go bhféadfaidís rogha a dhéanamh filleadh roimh an dáta sin ar bhonn céimnithe dá mba rud é gur shíl siad go bhféadfadh sé cabhrú leo filleadh iomlán ar an ionad oibre agus gur athghníomhaíodh am solúbtha ar an Luan 21 Feabhra 2022.

Mar thoradh ar chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta tá athruithe bunúsacha agus gasta tar éis teacht ar an timpeallacht oibre, agus cianobair agus obair fhíorúil anois ina ngnáthchleachtais. Tá gníomhaíochtaí nua, athbhreithniú ar thosaíochtaí oibre, agus an gá leanúnach chun seirbhísí a chur ar fáil, tar éis tionchar a imirt ar oibríochtaí agus ar fhoireann BOOLM. Cruthaíonn an timpeallacht seo dúshlán do BOOLM chun a chinntiú go gcoimeádtar rialuithe inmheánacha éifeachtacha. Sa timpeallacht nua seo, rinneadh athruithe ar chomhpháirteanna éagsúla den chóras rialaithe inmheánaigh, agus tá sé tábhachtach don Bhord, dá Choistí agus don fheidhmeannacht tionchar na n-athruithe sin a thuiscint agus éifeachtacht na rialuithe á meas.

Le linn anailís a dhéanamh ar an tionchar seo, thug BOOLM aird ar thuarascálacha an fheidhmeannaigh ar na hathruithe a rinneadh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, ar na rioscaí a eascraíonn as na hathruithe sin, ar na bearta a glacadh mar fhreagra ar na rioscaí sin agus ar an bhfianaise ar aon tionchar ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Síolraíonn na tuarascálacha ó na teoracha a d'eisigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Roinn Oideachais ar an ábhar. Chuaigh na saincheisteanna a ardaíodh sa doiciméad “Léargas OACC” i bhfeidhm ar BOOLM ach go háirithe: Bhí an t-alt ar “Tionchar Covid-19 ar do timpeallacht rialaithe”, ar a ndearnadh athbhreithniú agus tuairisciú, san áireamh sna doiciméid a bhí ina mbunús don tuarascáil seo.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOOLM tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach, éifeachtach agus eacnamaíoch a oibriú. Dearbhaím go ndearna an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, ag a chruinniú ar an 24^ú Márta 2022, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar an modh a fhorordaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.

Áiríodh le hathbhreithniú an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca:

- Deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh imleor agus oiriúnach chomh fada agus is indéanta le réasún. Chuir an Príomhfheidhmeannach san áireamh faisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearach ar fud na heagraíochta chun teacht ar an gconclúid seo.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaigh agus sheachtraigh a eisíodh in 2021, agus go dtí seo in 2022.
- Cruinnithe le hionadaithe ón AR C agus C agus ón CIO-BOO.
- Scrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí leis an measúnú ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i dTuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaigh agus uirill Bainistíochta.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2021 lena n-áirítear:
 - Idirchaidreamh idir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an feidhmeannach.
 - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ón Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin (STFE), ón Stiúrthóir Scoileanna agus ón Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (BOE) chuig an mBord.
 - Tuarascálacha ón bhFeidhmeannas chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.
 - Moltaí déanta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó tuarascálacha eile.
 - Moltaí déanta ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaigh.
 - Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ón STFE/Príomhoifigeach Riosca.
 - An Clár Rioscaí, a choinnítear suas chun dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ar bhonn rialta.

Chuir an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca tuarascáil ar athbhreithniú rialuithe faoi bhráid an Bhoird ar an 24 Márta 2022.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar an ráiteas seo ag an gcrúinniú a bhí aige ar an 31 Márta 2022.

Sínithe

Comhairleoir Damfén O'Reilly
Cathaoirleach

Dáta:

22 / 12 /

2022



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé ráitis airgeadais Bhord Oiliúna agus Oideachais Lú agus na Mí a iniúchadh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 mar is gá faoi fhorálacha An Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Seo a leanas atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta
- an ráiteas feidhmiúcháin
- an ráiteas sócmhainní reatha agus dliteanas reatha, agus
- na nótaí a ghabhann leis.

Is é mo thuairim ná,

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird don bhliain 2021 agus ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail ar an 31 Nollaig 2021, agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ag an Aire Oideachais.

Bunús na tuairime

Rinne mé na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta mar a fhógraíonn An Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl mé bainteach le Bord Oiliúna agus Oideachais Lú agus na Mí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla á gcomhlíonadh agam de réir na gcaighdeán.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Bord faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis seo ná an ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánach agus sceideal gníomhaíochtaí agus costais phá. Déantar cur síos ar na dualgais atá orm i ndáil leis an eolas seo, agus i ndáil le hábhair eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht, leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú i ndáil leis an ábhar sin.


Andrew Harkness
Ar son an Ard-Reachtaire Cuntas
agus Ciste

23 Nollaig 2022

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar a shonraítear sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- Ullmhúchán na ráiteas airgeadais deireadh na bliana sa tslí a mholtar faoi alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
- leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird
- ráthaíocht a dhéanamh ar shócmhainní an Bhoird agus céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a stopadh agus a aimsiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is gá dom, faoi fhorálacha an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus tuairiscíú a dhéanamh air do Thithe an Oireachtais.

An aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine glan ó mhíshonrú a bhainfeadh le calaois nó le hearráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go n-aithneoidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir caighdeáin idirnáisiúnta iniúcháireachta, míshonrú i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míshonrú eascairt ó chalaos nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh tionchar acu ina n-aonar nó le chéile ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta iniúcháireachta, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním na rioscaí go mbeidh míshonrú sna ráitis airgeadais, mar thoradh calaoise nó earráide, agus déanaim na rioscaí sin a mheas; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúcháireachta i bhfeidhm mar fhreagairt ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Is treise an riosca gan mhíshonrú a aithint má bhaineann an míshonrú sin le calaois seachas le hearráid, toisc go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe airgeadais.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóchta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafóchta agus na nochtuithe a bhaineann leo.

Bíonn cumarsáid agam leo siúd a mbíonn cúram rialachais orthu maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta san áireamh.

Tuairiscím trí eisceacht más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Fáisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a ghabhann leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orm faoi na caighdeáin idirnáisiúnta iniúcháireachta, an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh, agus le linn dom a bheith á dhéanamh sin, machnamh a dhéanamh ar an dtagann nó nach dtagann an fhaisnéis go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má cheapaim, ar bhunús na hoibre atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha ann maidir leis an eolas eile sin, tá sé de dhualgas orm é sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar ábhair eile

Tagraím le linn an iniúchta do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena gcuid bainistithe agus oibriúcháin. Má aithním ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh an gnó poiblí, déanaim é sin a thuairiscíú.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe dó nó murar chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, déanaim é sin a thuairiscíú.

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráiteas Oibriúcháin don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021

	Nóta	An bhliain dar críoch 31/12/2021	An bhliain dar críoch 31/12/2020
FÁLTAIS		€	€
Deontais Iarbhunscoileanna & Ceannoifige	3	81,992,242	76,871,643
Deontais Bhunscoile	4	253,484	171,553
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	5	46,659,853	46,386,879
Deontais Sheirbhísí Óige	6	1,114,611	1,015,613
Gníomhaireachtaí & Tionscnaimh Fhéinmhaoinithe	7	7,295,627	7,049,004
Caipiteal	8	20,001,957	18,438,971
		<u>157,317,774</u>	<u>149,933,664</u>
 ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iarbhunscoileanna & Ceannoifig	9	79,697,907	73,737,986
Bunscoil	10	214,019	169,672
Breisoideachas agus Oiliúint	11	47,373,472	40,844,456
Seirbhísí don Aos Óg	12	1,011,375	963,857
Gníomhaireachtaí & Tionscnaimh Fhéinmhaoinithe	13	6,756,320	6,353,915
Caipiteal	14	15,257,443	19,164,597
		<u>150,310,536</u>	<u>141,234,484</u>
 Barrachas Airgid / (Easnamh) don Bhliain		7,007,238	8,699,180
 Gluaiseacht i nGlansócmhainní reatha eile	25	<u>(5,659,948)</u>	<u>(7,891,860)</u>
 Barrachas Ioncam Fabhraithe / (Easnamh) don Bhliain		1,347,290	807,319
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 1 Eanáir		(216,162)	(1,023,481)
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 31 Nollaig	16	<u>1,131,128</u>	<u>(216,162)</u>
 Sínithe: 	Sínithe: 		
Cathaoirleach	Príomhfheidhmeannach		
Dáta: <u>22-12-2022</u>	Dáta: <u>22-12-2022</u>		

Gabhann na nótaí ar leathanaigh 14 go 32 leis na Ráitis Airgeadais seo


Louth and Meath Education and Training Board

Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail ar an 31ú Nollaig 2021

	Nóta	An bhliain dar críoch 31/12/2021	An bhliain dar críoch 31/12/2020
		€	€
Sócmhainní Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	17	167,231	657,594
Deontais Chaipitil Stáit	18	1,222,478	1,201,243
Ioncam athfhillteach eile	19	142,480	329,790
Féichiúnaithe Tríú Pháirtí	20	271,760	196,075
Iarmhéid Baine		26,860,566	19,853,328
		28,664,515	22,238,029
Dliteanais Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	21	11,035,833	10,372,762
Deontais Chaipitil Stáit	22	8,194,982	3,849,861
Ioncam athfhillteach eile	23	3,250,396	3,171,897
Dliteanais Phá agus Speansas	24	5,052,176	5,059,672
		27,533,387	22,454,192
Glansócmhainní / (Glandliteanais) Reatha		1,131,128	(216,162)
Léirithe ag			
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim	16	1,131,128	(216,162)

Anailís ar an mBarrachas / (Easnamh) Ioncaim

Clár	Barrachas a choimeádadh/ (Easnamh) 31/12/2021	Fabhráithe Barrachas Ioncaim/ (Easnamh) Don bhliain 2021	Barrachas a choimeádadh/ (Easnamh) 31/12/2020
	€	€	€
Scoileanna & Ceannoifig	330,555	777,937	(447,382)
Bainteach	0	36,759	(36,759)
Cláracha Gníomhaireachta	(651,865)	0	(651,865)
Cláracha Féinmhaoinithe	1,452,437	532,592	919,845
16	1,131,128	1,347,290	(216,162)

Sínte: 
Cathaoirleach
Dáta: 22-12-2022

Sínte: 
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 22-12-2022

Gabhann na nótaí ar leathanaigh 14 go 32 leis na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Críoch an 31ú Nollaig 2021

1 Beartais Chuntasaíochta

1.1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

Leagtar amach an bunús leis an gcuntasaíocht agus leis na beartais chuntasaíochta shuntasacha a bhíonn in úsáid ag Bord Oideachas agus Oiliúna Lú agus na Mí amach anseo thíos. Bhí siad á gcur i bhfeidhm go seasta le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin.

1.2 Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Oideachais agus Oiliúna ar an 1 Iúil 2013 agus leagtar síos na feidhmeanna atá ag an mBord in Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Bhí Scoileanna Náisiúnta Pobail faoi phátrúnacht an BOO ag tús na bliana acadúla 2017/2018.

1.3 (a) Bunús Thíolacadh na gCuntas

Tá na ráitis airgeadais á gcur i láthair sa leagan atá ceadaithe ag an Aire Oideachais, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuimsítear leo, Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha, an Ráiteas Oibriúcháin, agus nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Nuair ba ghá leis, rinneadh na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe a athshonrú ar an mbonn céanna leis na figiúirí don bhliain reatha.

(b) Ioncam agus Aithint Caiteachais

Ioncam

Aithnítear deontais Oireachtais agus deontais eile ar bhonn airgeadais.

Aithnítear fáiltais eile ar bhonn airgeadais.

Caiteachas

Pá

Aithnítear caiteachas pá ar bhonn airgeadais. Is ionann pá agus íocaíocht a íoctar le fostaithe, ÁSPC Fostóra san áireamh.

Neamhphá

Aithnítear caiteachas neamhphá ar bhonn airgeadais. Is ionann caiteachas neamhphá agus costais riaracháin agus costais oibríochta.

Liúntais

Aithnítear caiteachas liúntais ar bhonn airgeadais. Íoctar liúntais le foghlaimoíirí atá ag tabhairt faoi chúrsaí oideachais agus oiliúna ar leith atá á maoiniú ag SOLAS.

Is éard atá sa Ráiteas Oibriúcháin ná fáiltais airgid agus íocaíochtaí airgid á gcur i láthair de réir na gcláirghrúpaí. Coigeartaítear an barrachas/(easnamh) airgid don bhliain de ghluaiseacht sna Sócmhainní Reatha (seachas Banc) agus Dlíteanais Reatha chun toradh a thabhairt don bhliain iomlán ar bhonn fabhráithe.

(c) Sócmhainní agus Dlíteanais a Aithint

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar bhonn fabhráithe trí iarmhéideanna deontas stáit agus iarmhéideanna maoinitheoirí eile a chinneadh ag méideanna atá ag teacht leis na fáiltais ábhartha a fuarthas, leis an gcaiteachas a tabhaíodh agus atá i gcomhréir leis na rialacha maoinithe.

Deontais Athfhillteacha Stáit

Is ionann na deontais seo agus bunmhaoiniú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Deontais Chaipitil

Baintear úsáid as na deontais faoi chomhair na costais maidir le tógáil, infreastruchtúr, ceannaithe tógála agus athchóiriú agus ar chúinsí áirithe, d'fhéadfaí iad a úsáid chun maoiniú a chuir ar fáil ar mhaithe le daingneáin, feistis, fearas agus troscán.

Ioncam athfhillteach eile

Tograí Gníomhaireachta agus Féinmhaoinithe

Is éard atá i gceist leis an obair gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíocht eile nó mac léinn de réir critéir chomhaontaithe, agus aisiocart a chuid costais leis an mBord.

Is éard atá sna Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha ná clár a bhíonn á reáchtáil faoi rialú iomlán an Bhoird, ar son an Bhoird nó ar son eagraíochtaí eile.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh leis na Sócmhainní Reatha.

Tá Dlíteanais Phá agus Chostais san áireamh leis na Dlíteanais Reatha.

Figiúirí Comparáideacha

Nuair ba ghá é, rinneadh na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe seo a athshonrú ar an mbonn céanna leis na figiúirí don bhliain reatha.

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Críoch an 31ú Nollaig 2021

1 Beartais Chuntaisíochta (ar lean)

(d) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Cláraítear na sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannaítear mar speansais laistigh den bhliain ina gceannaítear iad, lena n-áirítear costais tógála, infreastuctúir, cheannacháin tógála, costais athchóirithe, daingneáin, feistis, fearas agus troscán. Aithnítear sa bhliain chéanna, deontais Stáit a fhaightear chun maoiniú a chuir ar fáil ar mhaithe le sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach.

(e) Stoic

Cláraítear gach stoc intomhalta mar speansais agus a bheith ceannaithe.

(f) Aoisliúntas

Is faoi scéimeanna le sochar sainithe a thugtar teidliochtaí pinsin d'fhoireann BOO, iad siúd a aistríodh ó SOLAS ina measc. Cuirtear baill Foirne atá fostaithe ó bhí 2013 ann san áireamh sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus déantar iocaíochtaí míosúla don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Coinníonn an Bord Oideachais agus Oiliúna asbhaintí aoisliúntais ó phá na bhfostaithe i leith na scéimeanna mar chuid den chistiú comhaontaithe ón Státchiste, nó iocfar ranníocaíochtaí na mball leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní dhéanann an Bord Oideachais agus Oiliúna ranníocaíochtaí faoi chomhair na scéimeanna seo.

Oibrítear na scéimeanna neamh-mhainithe sin ar bhonn "íocfar mar a úsáidtear", agus iocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na teidliochtaí pinsin bliantúla go díreach thar ceann BOO. Is iad na BOOnna atá freagrach as riaradh a bpinsean féin. Cuirtear an Roinn Oideachais cistiú pinsin ar fáil.

Níl soláthar déanta sna ráitis airgeadais do chostas reatha na n-íocaíochtaí leasa a iocfar amach anseo atá tuillte ag baill foirne agus ag pinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

(f) Léasanna

Cláraítear gach iocaíocht léasa mar speansais agus í á hÍoc.

2 Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí Oideachas agus Oiliúint mar a leagtar amach anseo thíos:

Seirbhís	Méid Scoileanna/Ionad*	Méid na Rannpháirtithe**	Méid na dTairbhíthe ***
Leibhéal Bunscoile	4	560	
Scoil Eorpach	1	48 (29 bunscoil & 19 iarbhunscoil)	
Leibhéal Meánscoile	18	12,294	
Breisoideachas agus Oiliúint (BOE)	103		21,299
Ranganna páirtaimseartha agus Ranganna Oíche****	4		1,265

Maidir leis an réadmhaoin a ndéantar tagairt dó thíos:

* An líon Scoileanna/Ionad as a mbíonn BOO Lú agus na Mí ag soláthar seirbhísí oideachais agus gníomhaíochtaí.

** Maidir le leibhéal bunscoile agus meánscoile tá seo bunaithe ar chláir na bliana acadúla. Tá sé seo bunaithe ar chláir na ndaoine indibhidiúla le haghaidh cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna agus ranganna páirtaimseartha/oíche le linn na bliana féilire.

*** Tagraíonn tairbhíthe don líon iomlán daoine a bhí cláraithe le linn na bliana. Déantar é seo a ríomh leis na cláraithe ar an 1 Eanáir a chur leis na cláraithe eile a dhéantar ón lá sin amach.

**** Cuirtear Rannpháirtithe agus Tairbhíthe na ranganna páirtaimseartha/oíche sna hIonaid Oiliúna san áireamh sna figiúirí a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint.

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Críoch an 31ú Nollaig 2021

3 Fáltais Iarbhunscoileanna & Cheannoifige

	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €
Roinn Oideachais		
-Pá	71,474,917	66,445,050
-Neamhphá	4,322,906	5,419,304
-Cláir nasctha	5,807,847	4,716,740
Roinn Oideachais- fo-iomlán	81,605,670	76,581,094
Táillí Teagaisc - Mic léinn	217,750	203,123
Comhlachtaí Poiblí Éireannacha	168,822	86,513
Eile	-	913
	81,992,242	76,871,643

4 Fáltais Bunscoile

	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €
Roinn Oideachais	253,484	171,553

5 Fáltais Breisoideachais agus Oiliúna

	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €
SOLAS	46,654,957	46,371,697
Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, agus Eolaíochta	4,896	15,182
	46,659,853	46,386,879

6 Fáltais Sheirbhísí don Aos Óg

	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €
Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	1,114,611	1,015,613
Roinn Sláinte	-	-
POBAL agus Comhairle Contae	-	-
Roinn Oideachais	-	-
Comhairle Contae	-	-
TUSLA	-	-
Eile	-	-
	1,114,611	1,015,613

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Críoch an 31ú Nollaig 2021

7 Fáltais a bhaineann le Gníomhaireachtaí agus le Tionscnaimh Fhéinmhaoinithe

Gníomhaireachtaí	Roinn/Maoinitheoir Coimircíochta	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €
Béilí Scoile	Roinn Coimirce Sóisialaí	1,096,658	799,690
Clár Críochnaithe na Scoileanna	TUSLA an Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach	642,602	745,546
Clár Music Generation Eile	Music Generation	626,160	539,900
Clár na nDeontas Beag	Comhairle Contae Lú	396,623	-
Comhairleacht ó Fhiontraíocht Éireann	Fiontraíocht Éireann	348,524	-
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	298,075	-
Boird Oideachais agus Oiliúna	Roinn Oideachais		
Solas/Forchúiteamh Tuarastail		273,377	200,592
Clár Críochnaithe Scoile na hUaimhe	Roinn Coimirce Sóisialaí	70,719	81,270
Leasúchán na Sraithe Sóisearaí	Ionad Oideachais Mhuineacháin	58,050	165,026
Deontas Leabhair Leabharlainne	Ionad Oideachais na gCreagacha Dubha	52,867	14,230
Eile - 18 gCinn (<€50k)	Éagsúla	45,537	734,884
		3,909,192	3,281,138

Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha

		An bhliain dar críoch 31/12/2021 €	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €
Leibhéal Meánscoile - Leabhair ar Cíos	Tuismitheoirí / Mic Léinn	904,222	792,206
Ranníocaí Seirbhísí Mac Léinn ar Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	Tuismitheoirí / Mic Léinn	756,868	897,366
Leibhéal Meánscoile - Gníomhaíochtaí/Turais	Tuismitheoirí / Mic Léinn	325,819	448,253
Ranníocaíocht Rannpháirtithe Chúrsa le haghaidh Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	Tuismitheoirí / Mic Léinn	233,015	282,850
Leibhéal Meánscoile - Priontáil agus Fótachóipeáil	Tuismitheoirí / Mic Léinn	201,086	170,966
Leibhéal Meánscoile - An Idirbhliain	Tuismitheoirí / Mic Léinn	147,929	203,385
Leibhéal Meánscoile - Áiseanna Ceaintín	Éagsúla	118,932	66,945
Leibhéal Meánscoile- Bréagscrúduithe	Tuismitheoirí / Mic Léinn	95,475	155,185
Leibhéal Meánscoile- Dialanna Scoile	Tuismitheoirí / Mic Léinn	94,081	94,773
Breisoidreachas agus Oiliúint Facebook	Facebook	84,000	-
Leibhéal Meánscoile - Árachas	Tuismitheoirí / Mic Léinn	80,760	98,412
Leibhéal Meánscoile - Text a Parent	Tuismitheoirí / Mic Léinn	67,613	52,152
Leibhéal Meánscoile - Úsáid na n-Áiseanna	Éagsúla	65,845	61,542
Eile - 16 Cinn (<€50k)	Éagsúla	210,790	443,831
		3,386,435	3,767,866
		7,295,627	7,049,004

Iomlán

8 Fáltais Chaipitil

	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €
Roinn Oideachais	13,214,942	16,420,951
SOLAS	3,254,119	2,018,020
Fiontraíocht Éireann	3,532,896	-
	20,001,957	18,438,971

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Críoch an 31ú Nollaig 2021

9 Íocaíochtaí Iarbhunscoileanna agus Ceannoifige		An bhliain dar críoch an 31/12/2021		An bhliain dar críoch an 31/12/2020
PÁ		Pá €	Neamhphá €	Iomlán €
	Teagasc	65,710,999		65,710,999
	Riarachán	3,589,071		3,589,071
	Cothabháil	1,626,141		1,626,141
		<u>70,926,211</u>		<u>70,926,211</u>
				<u>65,556,666</u>
NEAMHPHÁ			<u>4,166,005</u>	<u>4,166,005</u>
CLÁIR NASCTHA				<u>4,467,988</u>
	Cistiúchán do Bhaill Foirne Tacaíochta Scoile	102,366	1,032,303	1,134,669
	Straitéis Digiteach TFC	-	636,368	636,368
	Deontas Leabhair	-	198,712	198,712
	Díghalrán Covid agus Deontas Trealamh Chosanta Pearsanta	-	791,158	791,158
	Deontas Maoirseachta Breise in aimsir Covid	1,087,365	(78,805)	1,008,560
	Deontas Breise TFC in aimsir Covid 19	310	0	310
	Deontas DEIS & Teagmhálaí Baile agus Scoile	10,158	143,252	153,410
	Tacaíocht Ghhlantacháin in aimsir Covid	69,511	285,542	355,053
	Idirbhliain	30,282	51,081	81,363
	Coimhdire iompair	57,898	0	57,898
	Eile - 14 Cinn (<€50k)	36,544	151,616	188,160
		<u>1,394,434</u>	<u>3,211,227</u>	<u>4,605,661</u>
SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA MIC LÉINN				<u>3,713,333</u>
Neamhphá			<u>30</u>	<u>30</u>
		<u>72,320,645</u>	<u>7,377,262</u>	<u>79,697,907</u>
				<u>73,737,986</u>
10 Íocaíochtaí Bunscoile		An bhliain dar críoch an 31/12/2021		31/12/2020
		Pá €	Neamhphá €	Iomlán €
	Deontas Caipitíochta PN (Pobalscoil Náisiúnta)	18,892	84,707	103,599
	Deontas Fosheirbhíse PN (Pobalscoil Náisiúnta)	17,105	22,983	40,088
	Scéim Leabhar PN	-	2,497	2,497
	Eile - 5 Cinn (<€50k)	-	67,836	67,836
		<u>35,997</u>	<u>178,023</u>	<u>214,019</u>
				<u>169,672</u>

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Críoch an 31ú Nollaig 2021

11 Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna	An bhliain dar críoch an 31/12/2021				An bhliain dar críoch an 31/12/2020
	Pá €	Neamhphá €	Nasc Achoimre €	Iomlán €	Iomlán €
Pá do Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta	10,642,121	0	0	10,642,121	9,365,560
Baill Foirne Ionaid Traenála & Feidhmiúcháin	3,160,154	4,161,467	0	7,321,621	5,358,791
Printiseacht	0	512,784	4,794,083	5,306,867	4,088,979
Ógtheagmháil	2,954,264	811,446	835,686	4,601,396	4,674,443
Soláthraithe Sainoiliúna	0	1,556,833	980,737	2,537,570	2,018,284
Traenáil Scileanna agus Cúrsaí Oíche	0	1,016,812	219,592	1,236,404	2,003,805
Tionscnaimh Áitiúla Traenála	0	620,149	802,586	1,422,735	1,694,874
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	906,352	287,135	507,985	1,701,472	1,676,316
Litearthacht d'Aoisigh, Béarla do Chainteoirí Teangacha	1,053,325	439,641	0	1,492,966	1,312,669
Eile san áireamh					
Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas	804,368	447,680	0	1,252,048	1,135,111
Tacaíochtaí Chláir	784,016	682,087	0	1,466,103	906,619
Tionscainm Nuálacha Lánaimseartha	266,430	1,805,552	0	2,071,982	774,879
Lárionaid Traenála Pobail	0	644,849	136,627	781,476	761,012
